

Eolas do Dhaltáí/Thuismitheoirí Luan 31ú Lúnasa

Tá mórán athraithe le cur i bhfeidhm le linn an lae scoile. Seo thíos roinnt pointí eolais agus déanfar soiléiriú orthu seo dos na daltaí sna laethanta romhainn. Beidh plé á dhéanamh againn le daltaí chomh maith chun a dtuairimí a fháil uathu. Beidh orainn cloí le treoir ó FSS agus an Roinn Oideachais i gcónaí.

Ar Maidin 8:35 – 8:55	<ul style="list-style-type: none">• Díghalraigh do lámha sula dtagann tú isteach ar scoil.• Cur an masc ort.• Beidh ort an doras a bhaineann le do rang a úsáid.• Ba chóir do ghuthán (má tá sé agat) a mhúchadh agus a chur sa chóifrín.• Ní bheidh cead dul go dtí an siopa ar maidin (ná aon am i rith an lae).• Ba chóir ullmhú do ranganna na maidine, mar is gnáth.• Ba chóir suí ag do bhínse agus feitheamh le tús an ranga.• Beidh cead dul amach go dtí an zón a bheidh ainmnithe do do rang.• Bí in am don scoil. 8:50 r.n. ar a dhéanaí.
Masc a chaitheamh	<p>Sa chás nach mbeidh 2m scaradh fisiciúil i gceist, beidh ar dhaltáí agus mhúinteoirí masc a chaitheamh. Ní leor cealtair nó visor. <i>Beidh litir dochtúra leis an gcúis sonraithe ann ag teastáil muna bhfuil dalta in ann masc a chaitheamh.</i> Is ar mhaithe le sláinte gach aon duine atá na mascanna á chaitheamh. Beidh deiseanna rialta tugtha ag na múinteoirí do dhaltáí siúl amach ón seomra agus an masc a bhaint.</p> <p>Masc a chaitheamh; https://youtu.be/OBR0udolaiY</p> <p>Is gá do mhúinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus baill foirne eile agus do scoláirí atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna clúdach aghaidhe a chaitheamh nuair nach féidir achar fisiciúil 2 mhéadar ó bhail foirne eile nó ó scoláirí eile a choinneáil.</p> <p>Tá na daoine seo a leanas díolmhaithe ó chlúdaigh aghaidhe a chaitheamh:</p> <p>duine ar bith ag a bhfuil deacrachtaí anála</p> <p>duine ar bith atá gan aithne gan urlabhra nó éagumasaithe</p> <p>duine ar bith nach bhfuil ar a c(h)umas an clúdach aghaidhe a bhaint gan chúnaimh</p> <p>aon duine a bhfuil riachtanais speisialta aige agus a d'fhéadfadh a bheith trína chéile nó an-mhíchompordach agus é/í ag caitheamh clúdach aghaidhe, mar shampla duine faoi mhíchumas intleachtúil nó forbartha, duine ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, fadhbanna céadfacha nó mothálacht thadhlach.</p>

Ranganna	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh bínse agus cathaoir ainmnithe ag gach dalta sa bhunseomra. • Ní bheidh aon dalta eile ag suí i gcathaoir dalta eile* • *beidh ar Bhliain 5 & 6 meascadh do roinnt rogha ábhair ar nós Gnó, Stair, Tír Eolas. • Má bhíonn dalta ag dul isteach go seomra atá roinnte le daltaí eile, ba chóir an cathaoir agus an bínse a ghlanadh síos go tapaidh ag baint úsáide agus an trealamh a chuirfear ar fáil. • Ba chóir an glanadh chéanna a dhéanamh agus an dalta ag fágaint.
Glanadh	<ul style="list-style-type: none"> • Tá breis uaireanta cloig glantacháin á dhéanamh i rith an lae scoile. • Díreoidh an glantóir agus an airíoch ar na pointí teagmhála coitianta – dóirse, leithrisí, bínsí. • Glanfar seomraí nuair atá siad follamh i rith an lae scoile. • Glanfar arís iad ag deireadh an lae scoile.
I gcás amhrais Covid	<ul style="list-style-type: none"> • Má mhothaíonn dalta aon cheann de na siomtaimí Covid, ní cóir dóibh teacht ar scoil. • Má mhothaíonn aon dalta breoite i rith an lae scoile, ba chóir é sin a chur in iúl don mhúinteoir láithreach. • Má tá comhartha Covid ar dhalta, tabharfar é/í go spás leithlisithe sa dorchla idir seomra 13 & 14 (na seomraí nua.) • Cuirfear gloch ar thuismitheoir agus beidh ar thuismitheoir/chaomhnóir/duine ainmnithe an dalta a bhailiú a luaithe agus is féidir. • Munar féidir an páiste a bhailiú agus go bhfuil amhras ar bhainistíocht na scoile faoin dalta, tá orainn fios a chur ar otharcarr. • Glanfar síos an spás leithlisithe a luaithe agus is féidir. • Ba chóir do thuismitheoir an cás a phlé leis an dochtúir. • Ní cóir don dalta filleadh ar an scoil go dtí go bhfuiltear sásta nach bhfuil amhras faoin sláinte acu.
Am Sosa	<ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir do dhaltaí lón agus uisce a thabhairt leo don dá shos. • Ní bheidh cead ag daltaí an scoil a fhágaint chun dul go dtí an siopa i rith an lae scoile. • Má dhéanann dalta dearmad ar lón 7rl, ní bheidh cead ag thuismitheoir teacht isteach sa scoil. Beidh ar an dtuismitheoir gloch a chur agus an lón 7rl a fhágaint sa ‘tsráid’ lasmuigh d’oifig an rúnaí le bailiú. • Beidh zón faoi leith ag gach rang. • Ní bheidh daltaí ó ranganna éagsúla ag meascadh lena chéile le linn am sosa. • Beidh deis ag daltaí an sos a thógaint gan an masc orthu. • Caithfear leanúint le scarúint fisiciúil 2m (nó 1m le masc) i rith am sosa.

	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh féitheoireacht á dhéanamh ar na nósanna seo ag am sosa ach, <i>ba chóir go nglacfadh daltaí freagracht pearsanta leo.</i> • Ní bheidh cluichí cispheile, sacair 7rl á imirt ag am sosa go fóill.
Cóifríní & Cótaí	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh na cóifríní ar fáil sa bhun-seomra. • Ní gá an mála scoile a thógaint leat ón mbun-seomra (ach sa chás go mbeidh daltaí eile ag teacht isteach i do áit). • Táimid ag moladh do dhaltaí an cóta a chur ar chúl an suíochán acu féin go fóill. • Ní bheidh na crochtóirí sa dorchla in úsáid.
Guthán	<ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir an guthán a chur sa chóifrín agus é múchta. • <i>Ní bheidh cead ag daltaí na gutháin a úsáid tar éis dóibh teacht isteach ar scoil, seachas sa chás thíos.</i> • Tá seans go mbeidh an guthán á úsáid le linn imeachtaí ranga, le cead an mhúinteora.
Ag bogadh ó sheomra go seomra	<p>Beidh bunseomra ag gach rang agus cathaoir, bínse agus cóifrín ann ag gach dalta. Ní cóir d'aon dalta a bheith ag spaisteoireacht morthimpeall na scoile.</p> <p>I roinnt cásanna, beidh ar dhaltaí bogadh go seomra eile. Sna cásanna seo, ba chóir don dalta an áit suite/oibre a ghlanadh sula suíonn siad síos.</p> <p>Is iad seo a leanas na seomraí a bheidh in úsáid ag formhór na ndaltaí;</p> <p>11 – Seomra na Ríomhairí</p> <p>12 – Innealtóireacht/Miotalóireacht</p> <p>13 – Eacnamaíocht Bhaile</p> <p>14 – Adhmadóireacht/Graf</p> <p>7 – Saotharlann Eolaíochta</p> <p>4 – Saotharlann Eolaíochta</p> <p>2 – Tacaíocht Foghlama</p> <p>8 – Tacaíocht Foghlama</p> <p>Tionól</p>
Trealamh	<ul style="list-style-type: none"> • Ní cóir trealamh a roinnt le dalta eile. • Ba chóir go mbeadh pinn, rialóir, dathanna 7rl a bheith ag gach dalta. • Ba chóir lipéidiú le hainm an dalta a bheith ar a dtrealamh féin. • Ba chóir ainm dalta a bheith ar mhasc ar eagla go roinnfí le dalta eile é trí thimpist.
Deireadh an Lae	Scaoilfear le Bliain 1 & 2 cúig nóiméad luath ar bhonn triallach le cinntiú nach bhfuil brú tráchta ag deireadh an lae

	nó ag geata na scoile. Mar sin, beidh B11 & 2 ag fágáil an ranga ag 3:45 ón Aoine 4ú Meán Fhómhair.
Cuairteoirí	Ní bheidh cead ag éinne, tuismitheoirí san áireamh, teacht isteach ar scoil gan choinne roimh ré. Ba chóir teagmháil le múinteoirí/rúnaí a dhéanamh trí ríomhphost nó an guthán.
Nótaí/Teagmháil	Ní bheidh notaí á gcur sa dialann maidir le neamhláithreacht a mhíniú. Seol ríomhphost chuig oifig.scoilmhui@corkeb.ie nó an múinteoir ábhar féin i ríomhphost.
Office365	Ba chóir go mbeadh cuntas Microsoft Office ag gach dalta. (Geobhaidh B11 cuntas an tseachtain seo). Beidh Office365 in úsáid ag múinteoirí le tacú leis an bhfoghlaim agus beidh sé tábhachtach ach <i>go háirithe má bhíonn dian-ghlasáil eile.</i>